Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gaeilgeoirí an Lae Amárach

T2 2023/2024

Seisiún 3

CC BY NC

# Intinní Foghlama

Táimid ag foghlaim conas an t-idirghníomhú cainte a chothú:

- trí thuiscint níos doimhne a fhorbairt ar luach na ngnéithe suntasacha agus na dtorthaí foghlama
- trí dheiseanna úsáide teanga a chruthú agus a chur chun cinn
- **trí sheánra na drámaíochta mar shlí fhéideartha d'fhorbairt na scile teanga**

Oide

# An Drámaíocht agus Idirghníomhú Cainte

Tríd an drámaíocht, tá féidearthachtaí go bhforbraítear bunchlocha na hidirghníomhachta cainte agus scileanna éisteachta agus labhartha.

# Tábhacht na drámaíochta san Oideachas

A mhéid a aithnímíd go bhfuil dlúthnasc idir feasacht agus mothúcháin, is ea a thuigtear go bhfuil an drámaíocht ina hacmhainn oideachasúil atá fíorthábhachtach.

Cruthaíonn an drámaíocht meafar dár saol - mairimid i réimse na cognaíochta agus i réimse na mothúchán, araon.

Tá ról lárnach ag an drámaíocht agus ag taibhiú i dteagasc an duine iomláin, beag beann má dhéantar iad a mhúineadh mar dhisciplín* nó má bhaintear leas astu mar mhodh/cur chuige teagaisc.

(Bunaithe ar “Drama in education: why drama is necessary” (2021)  *léann)



Manon van de Water

Ollscoil Wisconsin-Madison

# Súil Siar - Na Gnéithe Suntasacha



Na gnéithe atá suntasach faoin teagasc agus faoin bhfoghlaim sa tsonraíocht seo

**Cur chuige cumarsáideach** — Cur chuige cumarsáideach a bhíonn in úsáid. Ní mór go mbeadh an chumarsáid, deiseanna úsáide agus an t-idirghníomhú lárnach i dtascanna ranga

**Tábhacht na muiníne** — Tá tábhacht faoi leith ag baint le cothú muinine de réir mar a théann an scoláire i dtaithí ar úsáid na teanga

**Cur chuige comhtháite** — Cur chuige comhtháite maidir le forbairt na gcúig mhórscil teanga le chéile a bhíonn in úsáid, seachas saothrú aon scile ina haonar

**Teanga an ranga** — Is í an Ghaeilge teanga na foghlama agus na cumarsáide sa seomra ranga Gaeilge. Bainfidh an scoláire na torthaí foghlama amach ar bhealach gníomhach, aois-oiriúnach spreagthach

**Deiseanna úsáide teanga** — Le deiseanna úsáide éireoidh le haschur teanga. Éiríonn leis an scoláire aschur teanga a chur de (i bhfocail, ar phár, ar scáileán) sa seomra ranga ina bhfuil spás idirghníomhach aige

**Tasc-bhunaithe** — Forbraíonn an scoláire na scileanna agus inniúlachtaí trí bheith páirteach i dtascanna idirghníomhacha cumarsáideacha

Léaráid as: *Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí* 2017, lch.20




Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Aistriú na foghlama

*Cuireann múinteoirí ar chumas na scoláirí naisc bhríocha a dhéanamh idir ábhar an cheachta agus a gcuid foghlama in ábhair eile, agus a gcuid foghlama a aistriú go heispéiris nua.*


(An Roinn Oideachas, 2022, Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta d'Iar-Bhunscoileanna lch 31)



# Drámaíocht: Forbairt na scile teanga

Dráma mar fhoinse éisteachta
TF 1.2 sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint

…mar áis chun an léitheoireacht a fhorbairt
TF 1.9 taitneamh a bhaint as téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt




Deis chun scil labhartha a chleachtadh/a shaibhriú
TF 1.13 focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn

Idirghníomhú cainte a fhorbairt
TF 1.19 idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)

Oide

# Drámaíocht agus na Seánraí eile

*Baineann saothair chruthaitheacha; scannáin, gearrscéalta, amhráin, drámaí, dánta, úrscéalta agus araile le croí agus le haigne; le mothúcháin is le samhlaíocht.*

(An Roinn Oideachas, 2023, Sonraíocht Ghaeilge T2, lch. 16)



# Drámaíocht & Gearrscannánaíocht

- Aisteoirí agus aisteoireacht
- Stiúrthóir & Léiritheoir





- Script agus plota
- Comhrá idir na carachtair
- Fuaimeanna agus ceol
- Soilsiú



- Cultacha
- Trealamh / fearas stáitse
- Frapaí

- Suíomhanna
- Atmaisféar
- Radhairc & gníomhartha

Oide

# Coimhlint: Croí-lár na Drámaíochta

- Teannas dá bharr -lucht féachana gafa sa scéal
- Coimhlint inmheánach: cinneadh, rogha, cruachás
- Fadhb/ coimhlint idir carachtair/ grúpaí
- Mothúcháin láidre le haireachtáil / brath
- Léirítear laigí & buanna carachtair ag dul i ngleic leis an bhfadhbh
- Lucht féachana ag taobhú le luacha carachtair: ionannú
- Coimhlint/Fadhb le réiteach / Constaic le sárú a thiomáineann an plota /



Gan choimhlint níl aon dráma ann!


## Drámaíocht: bunchloch na hidirghníomhaíochta

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Deiseanna a thagann leis an Drámaíocht

*Áis ghníomhach agus idirghníomhach is ea na drámaí seo inar féidir leis an rang go léir páirt a ghlacadh…*


(De Fréine, Celia agus Ní Ghallchobhair, Fidelma, COGG, 2015, lch. 4)



# Taibhiú: Buanna don Fhorbairt Teanga

*Tagann feabhas ar a gcuid Gaeilge agus tagann méadú ar a stór focal agus thar rud ar bith eile, úsáidtear an Ghaeilge i gcomhthéacs a bhfuil ciall leis.*

(Ní Nuadháin, Nóirín (2000) Réamhrá, Cumhacht na Cuimhne agus Drámaí Eile, CIC)



Oide


# Forbairt na scile teanga trí dhrámaí

**Céim 1**: Obair ghrúpa: (7 n)

Ar an bPadlet, cliceáil ar shliocht amháin as na drámaí ar an bPadlet

Léigí os ard mar ghrúpa é le chéile

**Céim 2**:  Obair ghrúpa: (13 n)




Pléigí na pointí thíos le chéile agus roinnigí bhur smaointe ar an bPadlet

- an **choimhlint** a léirítear ann (nó an chonstaic le sárú)
- samplaí de **ghnáthúsáid na teanga agus de shaibhreas teanga**
- féidearthachtaí don **idirghníomhú cainte**

# Fráma Reoite agus Rianú Smaointe



# Téarmaí na Drámaíochta: Gluaischárta

Oide

## Gluaischárta

### Buntéarmaíocht na Drámaíochta T2

2023-2024

#### Téarmaí drámaíochta

**Amharclann:** An foirgneamh nó an spás ina léirítear dráma

**Buaicphointe:** An pointe is airde de theannas drámatúil

**Céile comhraic:** Carachtar atá i gcoinne an laoich sa dráma

**Coimhlint:** Bíonn coimhlint riachtanach do dhráma. Uaireanta is coimhlint inmheánach í chomh maith

**Comhrá:** Caint idir carachtair

**Cultacha/Feisteas:** Éadaí na gcarachtar; ag cur pearsantachta/ na haoise/ an tsuímh in iúl

**Drámadóir:** Scríbhneoir drámaí

**Feisteas stáitse/seit:** An chuma atá ar an stáitse, trealamh, troscán srl a úsáidtear chun suíomh an radhairc a léiriú

**Foireann/foireann aisteoirí:** Na haisteoirí a ghlacann páirteanna na gcarachtar

**Frapa:** Rud a úsáideann aisteoirí ar an stáitse le linn léirithe



**Gníomh:** Ceann de phríomhranna dráma. De ghnáth, bíonn idir gníomh amháin agus cúig ghníomh i ndráma

**Iardhearcadh:** Radharc a léirítear san am i láthair ach a léiríonn rud a tharla san am atá thart

**Íoróin dhrámatúil:** Nuair atá eolas ag an lucht féachana nach bhfuil ag carachta(i)r ar leith

**Laoch/príomhcharachtar/príomhphearsa:** An carachtar atá i lár an aicsin. Téann an lucht féachana ar aistear le príomhcharachta(i)r an dráma

**Maisíochtaí fuaime:** Fuaimeanna, seachas ceol agus caint, a chuirtear leis an radharc

**Monalóg:** Óráid a chuireann carachtar aonair i láthair. Léirítear a chuid smaointe sa mhonalóg



**Radharc:** Ceann de na rannáin laistigh de ghníomh

**Script:** Cáipéis le focail an dráma, na treoracha stáitse, liosta na gcarachtar srl.

**Soilsiú:** An soilsiú ar an stáitse a athraíonn le linn an dráma chun suíomh nó móthúcháin a chur in iúl

**Suíomh an dráma:** An áit agus an t-am ina bhfuil an dráma suite. De ghnáth, bíonn cur síos ar shuíomh an dráma ag tús na scripte Amannta athraíonn an suíomh ó radharc go radharc

**Treoracha stáitse:** Treoracha sa script ón drámadóir don stiúrthóir, do na haisteoirí srl.

Oide.ie

Oide

Gluaischárta: Buntéarmaíocht na Drámaíochta ar lean

#### Cineálacha drámaí

**Coiméide/Dráma grinn:** Léiriú éadrom ar dhaoine nó eachtraí greannmhara. Más scigdhráma é, déantar scigléiriú ar charachtair a bhíonn ag pleidhcíocht nó i bponc amaideach éigin

**Ceoldráma:** Dráma ina bhfuil ról ríthábhachtach ag an amhránaíocht, ag an gceol agus ag an damhsa



**Dráma moráltachta:** Dráma ina úsáidtear carachtair fháthchiallacha chun ceacht morálta a mhúineadh don lucht féachana

**Dráma stairiúil:** Dráma atá suite le linn tréimhse staire ar leith. B'fhéidir meascán de charachtair fhicseanúla agus fíordhaoine aitheanta

**Fantaisíocht:** Dráma ina dtiteann rudaí neamhghnácha/osnádútha amach.

**Miotaseolaíocht:** Dráma bunaithe ar fhinscéal/mhiotas/bhéaloideas

**Réalachas:** Léiriú réalaíoch go leor ar an saol mar atá

**Tragóid:** seánra drámaíochta bunaithe ar fhulaingt an duine agus, go príomha, ar na himeachtaí tragóideacha, brónacha a tharlaíonn do charachtar

#### Gairmeacha beatha san amharclannaíocht

**Aisteoir**: Glacann sé/sí páirt charachtair éigin sa dráma

**Cumadóir ceoil:** An duine a chumann an ceol do cheoldráma

**Bainisteoir stáitse:** Cinntíonn sé/sí go bhfuil na frapaí agus feistis stáitse san áit cheart ag an am ceart le linn an dráma.

**Dearthóir cultacha:** An duine a dhearann na cultacha don dráma

**Dearthóir seite:** Samhlaíonn sé/sí agus dearann sé/sí suíomhanna an dráma don stáitse.



**Dearthóir soilsithe:** Dearann sé/sí an soilsiú stáitse le haghaidh léiriúcháin

**Ealaíontóir smididh:** An duine a chuireann smideadh ar na haisteoirí

**Drámadóir:** Duine a scríobhann drámaí

**Foireann léirithe:** Na daoine go léir a oibríonn le chéile chun dráma a chur ar an stáitse


**Léiritheoir:** Cinntíonn sé/sí go gcomhlíontar an tionscadal in am agus chuig caighdeán cuí

**Stiúrthóir:** Stiúrann sé/sí an dráma i gcomhar leis an bhfoireann léirithe

Oide.ie

# An Drámaíocht sa tSraith Shóisearach

An Dara/Tríú Bliain



Oide


**Drámaí**

don dara agus an tríú bliain

**Scoileanna T2**


| **Eochair** | | |
|---|---|---|
| **Canúintí na Gaeilge** | | |
| **U** = Canúint Uladh | **C** = Canúint Chonnacht | **M** = Canúint na Mumhan |

Oide.ie



Oide

| | |
|---|---|
| | **'Gan Choinne'**<br>**Ré Ó Laighléis (C)**<br>**Cnuasach: Aistear Intinne**<br><br>Tá Pádraic agus Nóra, lánúin mheánaosta choiméadach ag súil le filleadh abhaile a mic, Diarmaid, ó Londain Shasana. Tá fiancée Dhiarmada, Roxanne, le teacht leis. Is é seo an chéad uair do Phádraic agus Nóra casadh uirthi. Ach, gan aon choinne leis, tugann iníon Phádraic agus Nóra, i. Deirdre, a buachaill féin, Fonsaí, chun an tí. Is punk críochnaithe é Fonsaí ar duine fíor-álainn ar fad é. Tá sé tugtha go mór do ghníomhaíocht phobail, obair le seandaoine, srl. Faoi láthair, tá sé i mbun agóide in aghaidh earraí ón Afraic Theas a bheith ar díol san ollmhargadh, áit a bhfuil sé ag obair mar fhear stórais. An dtabharfaidh Pádraic agus Nóra bata is bóthar dó, toisc an chuma neamhghnách atá ar Fhonsaí? Léigh an dráma chun a thuilleadh eolais a fháil. |
| | **'Gleann Álainn'**<br>**Brian Ó Baoill (C)**<br>**Cnuasach: Bózó agus drámaí eile**<br><br>Cuireann eachtraí an dráma seo síos ar ghrúpa déagóirí a thugann dúshlán faoi dhumpáil neamhdhleachtach atá ar siúl ag roinnt daoine fásta i gceantar álainn neamhthruaillithe. Tugtar na daoine atá cúisithe i leith dhumpála neamhdhleathach os comhair na cúirte. Cúlaíonn duine amháin de na déagóirí as fianaise a thabhairt i gcoinne na gcosantóirí mar is nia é le duine amháin acu. Conas gur féidir an lámh in uachtar a fháil ionas go mbeidh an lá leis na daoine óga agus an bua a bheith acu? Ar ámharaí an tsaoil, tá cárta cúil acu. Beidh ort an dráma seo a léamh chun a thuilleadh eolais a fháil. |
| | **'Na Deoraithe'**<br>**Ceilia de Fréine (C)**<br>**Cnuasach: Blúiríní**<br><br>Ins an dráma seo, faigheann an léitheoir léargas ar shaol teaghlaigh Mironov, gur as an Úcráin dóibh ó dhúchas, atá anois ina gcónaí i gcathair na Gaillimhe. Ar an lá áirithe seo, tá siad ag súil le teacht Mhámó s'acu, atá chun cuairt a thabhairt orthu. Tá athair an teaghlaigh imithe go dtí staisiún na mbusanna i nGaillimh chun síob a thabhairt do Mhamó a bhéarfadh í go teach s'acu. Ach tagann athrú ar shocruithe nuair a thugann paisinéir eile a bhí ar an eitilt chéanna léi síob do Mhamó a fhad le staisiún na traenach agus faigheann Mamó síob ina dhiaidh sin i dtacsaí fhad leis an teach.<br>Cé go gcuirtear fáilte mhór roimpi, tá teannas le brath sa chomhrá idir Mamó agus a hiníon chéile. Tá imní agus imeagla le brath ansin nuair a fhéachann siad ar chraoladh nuachta a thuairiscíonn gur tharla achrann i staisiún na mbusanna i nGaillimh tamall gairid roimhe sin. Céard go díreach a thit amach? Léigh an dráma chun a thuilleadh eolais a fháil faoin teaghlach nua-Éireannach seo. |



Oide

| | |
|---|---|
| | **'Lá Buí Bealtaine'**<br>**Máiréad Ní Ghráda (M)**<br>**Cnuasach: Gearrdhrámaí an Chéid Eag. Pádraig Ó Siadhail**<br><br>Lá breá samhraidh atá ann. Suíonn seanfhear agus seanbhean, atá ag bualadh fúthu go fadtéarmach in ospidéal do sheandaoine, sa ghairdín ag sú na gréine. Níl aithne acu ar a chéile; nó sin mar a shíleann siad. Cuireann an lá breá samhraidh seo lá breá eile Bealtaine na blianta ó shin i gcuimhne don tseanbhean, nuair a thit sí i ngrá don chéad uair.<br>Deir an seanfhear léi gan a bheith á bhuaireamh le seafóid den saghas sin - ach an raibh baint éigin ag an seanfhear le himeachtaí an lae chinniúnaigh sin? Beidh ort an dráma seo a léamh chun a thuilleadh eolais a fháil. |
| | **'An Casán'**<br>**Séamus de Bhilmot (M)**<br>**Cnuasach: Gearrdhrámaí an Chéid Eag. Pádraig Ó Siadhail**<br><br>Cuireann an dráma síos ar aighneas a thiteann amach faoi úinéireacht phíosa talún le linn Chogadh Cathartha na hÉireann sa bhliain 1922. Dráma stairiúil é a chíorann an chaoi a stróiceann an Cogadh seo clann ar leith as a chéile. I gClann Uí Mhathúna, tá mac amháin, Mícheál ag troid ar thaobh na bPoblachtánach agus is oifigeach é an mac eile, Tomás, in Arm Shaorstáit na hÉireann. Tá an t-athair, Seán, in aighneas le muintir na háite faoi cé ar leis an píosa talún agus tá sé réidh chun bás a fháil chun an píosa talún seo a chosaint. Beidh ort an dráma seo a léamh chun a thuilleadh eolais a fháil. |

# CROI Machnamh na Roinne

Oide

## Ceann Scríbe

Cad é an ceann scríbe ar mhaith libh a bhaint amach?

## Réaltacht


Cad í an réaltacht reatha i bhur gcomhthéacs féin?

## Oideolaíocht


Cad iad na hoideolaíochtaí a chabhródh libh?

## Intinn

Cad atá ar intinn agaibh a dhéanamh chun bhur sprioc a bhaint amach?




Lch. 9




Bunaithe ar an múnla GROW (Whitmore, 2010)

CROI

3. **CROI Machnamh Comhoibríoch – Roinn na Gaeilge: Na féidearthachtaí sa drámaíocht chun idirghníomhú cainte a chur chun cinn**

| | |
|---|---|
| **Ceann Scríbe**<br>**Cad é an ceann scríbe ar mhaith libh a bhaint amach?** | **Réaltacht**<br>**Cad í an réaltacht reatha i bhur gcomhthéacs féin?** |
| **Oideolaíocht**<br>**Cad iad na hoideolaíochtaí a chabhródh libh?** | **Intinn**<br>**Cad atá ar intinn agaibh a dhéanamh chun bhur sprioc a bhaint amach?** |

# Intinní Foghlama

Bhíomar ag foghlaim conas an t-idirghníomhú cainte a chothú:

- trí thuiscint níos doimhne a fhorbairt ar luach na ngnéithe suntasacha agus na dtorthaí foghlama
- trí dheiseanna úsáide teanga a chruthú agus a chur chun cinn
- trí sheánra na drámaíochta mar shlí fhéideartha d'fhorbairt na scile teanga.

# Ceisteanna don todhchaí

Cad iad na rudaí is suntasaí atá curtha le do chuid foghlama?

Cad iad na straitéisí atá oiriúnach chucu?

Conas is féidir leat iad a fhorbairt amach anseo?




Aiseolas

# Tionól Teagaisc 2024



# Lean muid ar @Oide_PP_Gaeilge

Oide



# Tagairtí


An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) (2009). Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige. Baile Átha Cliath: CNCM. Ar fáil ar: https://curriculumonline.ie/Early-Childhood/

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE) (1999). Curaclam na Bunscoile. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: www.curriculumonline.ie/Primary

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) (2015). Creat don tSraith Shóisearach 2015. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/05e2ab-none/

An Roinn Oideachas (RO) (2020). An Chigearacht. Tuarascáil an príomhchigire: lch 145. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232560/a063006e-629c-4df4-ae60-8abf2b72ed4f.pdf#page=null

An Roinn Oideachas (RO) (2022) Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022 Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta, lch 25. Ar fáil ag: https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/232720/b4f77625-c6df-4988-84b4-14371d922be8.pdf#page=null

An Roinn Oideachas (RO) (2023). Sonraíocht Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí – Scoileanna a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla (T2) . Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/9cedf202-4817-4ad5-ad37-8d3c97cfde65/Specification-for-Junior-Cycle-Irish-English-medium-schools-T2-IV.pdf

Cummins, J. agus Ó Duibhir, P. (2012). Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3-12 years). Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/1503/towards_an_integrated_language_curriculum_in_early_childhood_and_primary_education_rr_16.pdf

De Fréine, Celia agus Ní Ghallchobhair, Fidelma, Blúiríní, COGG, 2015, lch 4

Ní Nuadháin, Nóirín (2000). Cumhacht na Cuimhne agus Drámaí Eile, CIC

Rialtas na hÉireann (2019). Curaclam Teanga na Bunscoile. Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann. Ar fáil ar: https://www.curriculumonline.ie/Primary/CurriculumAreas/Primary-Language/

Swain, M. (1993). The Output Hypothesis: Just Speaking and Writing Aren’t Enough. The Canadian Modern Language Review, 50, 158-164.

Whitmore, J. (2010). Coaching for Performance: GROWing human potential and purpose. The principles and practice of coaching and leadership (Fourth Edition). London: Nicholas Brealey Publishing.

Van de Water, Manon (2021), Drama in education: why drama is necessary. Ar fáil ag: https://www.shs-conferences.org/articles/shsconf/pdf/2021/09/shsconf_ec2020_02009.pdf